**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**B9-0334/2020**

6.10.2020

# TAIRISCINT i gCOMHAIR RÚIN

de bhun Riail 143 de na Rialacha Nós Imeachta

faoin ngá leis na smachtbhannaí i gcoinne Phoblacht Arabach na Siria a ardú

**Maximilian Krah, Lars Patrick Berg, Thierry Mariani**

**B9-0334/2020**

**Tairiscint i gcomhair rún ó Pharlaimint na hEorpa faoin ngá leis na smachtbhannaí i gcoinne Phoblacht Arabach na Siria a ardú**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint do Chinneadh ón gComhairle an 28 Bealtaine 2020 lena leasaítear Cinneadh 2013/255/CBES maidir le bearta sriantacha i gcoinne na Siria[1]

– ag féachaint do Riail 143 dá Rialacha Nós Imeachta,

A. de bhrí go bhfuil na smachtbhannaí a ghlac an Chomhairle ag goilleadh ar phobal na Siria atá ag fulaingt cogadh cathartha uafásach le breis is 9 mbliana anuas;

B. de bhrí go gcuireann cur chun feidhme Ghníomh Chaesair SAM um Chosaint Shaoránaigh na Siria le fulaingt an phobail sibhialtach;

C. de bhrí go bhfuil an Tuirc ag forghabháil Thuaisceart na Siria go mídhleathach, rud as ar tháinig impleachtaí daonnúla drámatúla;

D. de bhrí go bhfuil fíor-dhrochbhail ar an Liobáin atá i gcomharsanacht léi ;

E. de bhrí gur dócha go gcruthóidh na coinníollacha ghéara seo atá curtha ar phobal na Siria rabharta nua eisimirce i dtreo tíortha comharsanachta agus an Aontais Eorpaigh;

1. á iarraidh ar an gComhairle deireadh a chur lena smachtbhannaí i gcoinne Phoblacht Arabach na Siria;

2. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig Uachtarán na Comhairle Eorpaí agus chuig Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála/Leas Uachtarán an Choimisiúin um Eoraip Níos Láidre sa Domhan

[1] IO L 168, 29.5.2020, lch. 66.